Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

# Tuilleadh Eolais


Máire-Áine Ní Chinnéide,
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.

R-phost: dramaiocht@oegaillimh.ie

Fón: 091 869103


ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaeilge

## Dioplóma sna Dána (Aisteoireacht)

ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaeilge

deartha ag www.micromarketing.ie

## Réamhrá

Is cúrsa praiticiúil é an Dioplóma san Aisteoireacht a reachtáiltear ar bhonn páirtaimseartha thar bhliain amháin do dhaoine ar suim leo an aisteoireacht agus an phuipéadóireacht. Tá sé feiliúnach do dhaoine a bhfuil spéis acu san aisteoireacht ghairmiúil, do dhaoine ag plé leis an drámaíocht pobail nó do dhaoine a bhfuil spéis ghinearálta acu san aisteoireacht.

Tá sé feiliúnach freisin dóibh siúd ar mhaith leo é a úsáid ina gcuid oibre, mar shampla, i réimse an oideachais, i réimse na cumarsáide nó i réimse na n-ealaíon.

## Riachtanais iontrála

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil Gaeilge mhaith acu agus suim acu i ndrámaíocht na Gaeilge. Beidh ar iarrthóirí éisteacht a dhéanamh agus freastal ar cheardlann roimh ré.

## Leagan Amach an Chúrsa

Seo a leanas na modúil a bheidh ar an gcúrsa:

### Aisteoireacht Fhisiciúil 1 agus 2

Cuirfidh siad seo le do chuid scileanna gluaiseachta agus léireoidh siad an tábhacht a bhaineann leis an gcorp agus leis an ngluaiseacht i gcomhthéacs na haisteoireachta.

### Aisteoireacht ar Stíl Nádúrtha

Cuirfidh an modúl seo le do chuid scileanna aisteoireachta. Díríonn sé, go háirithe, ar conas carachtar a chruthú ar stáitse.

### Scileanna Puipéadóireachta

Is scil ar leith í an phuipéadóireacht a úsáidtear do gach saghas drámaíochta. Tá na scileanna seo an-luachmhar do dhaoine ar mhaith leo fostaíocht a fháil i réimse na drámaíochta do pháistí, ar an teilifís nó i réimse drámaíochta san oideachas.

### Cruthú Dráma i nGrúpa

Sa mhodúl seo cruthóidh foireann an chúrsa dráma le chéile trí cheardlanna. Cuirfear toradh na hoibre ar stáitse ag deireadh an mhodúil.



## Measúnú

Déanfar measúnú leanúnach i rith an chúrsa.

## Tréimhse an Chúrsa

Páirtaimseartha thar bhliain amháin

## Am agus Dátaí

Gach Satharn 10r.n. – 5i.n.
Meán Fómhair – Aibreán

## Líon na Rannpháirtithe

Glacfar suas le 20 duine ar an gcúrsa

## Deiseanna Fostaíochta

Cuirfidh an cúrsa seo leis na deiseanna fostaíochta atá ar fáil do bhaill an chúrsa i réimse na haisteoireachta stáitse agus cothóidh an cúrsa scileanna foirne atá luachmhar in aon réimse oibre.

## Sprioclá d'iarratais

Glacfar le hiarratais i rith an tsamhraidh ach moltar go láidir do dhaoine iarratas a sheoladh isteach roimh an 28 Lúil chun áit a chinntiú ar an gcúrsa.

# Foirm Iarratais:

Ainm: _____

Seoladh: _____

_____

Fón: _____

Fón póca: _____

Seoladh ríomhphoist: _____

Dáta Breithe: ____ / ____ / ____

Náisiúntacht: _____

Oideachas: _____

Taithí aisteoireachta: _____
(CV agus grianghraf pas nó eile leis seo)

Cén fath ar mhaith leat an cúrsa seo a dhéanamh?
(Cuir leathanach breise le d'iarratas más gá)

_____

_____

Cén áit ar chuala tú faoin gcúrsa: _____

**Liosta seiceála: Grianghraf pas, CV, teastas breithe agus aon eolas breise**

**Seol d'fhoirm iarratais chuig:**
Máire-Áine Ní Chinnéide, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.